

## Rogha Ábhar: Bileog Acmhainní do Thuismitheoirí

Tá an bhileog acmhainne seo in éineacht leis an mBileog Acmhainní do Dhaltaí, atá deartha mar threoir ghairid do dhaltaí atá i mbun ábhair sa tSraith Shóisearach (an chéad, an dara agus an tríú bliain) a roghnú.

Tugann an bhileog acmhainní seo breac-chuntas ar na cineálacha ceisteanna ba chóir do dhaltaí a fhiafraí sula roghnaíonn siad ábhair.

Ní sholáthraíonn sé freagraí ach molann sé na cineál ceisteanna ar chóir a fhiafraí.


Is léir go mbeidh an raon ábhar, éigeantach agus roghnach, ag brath ar acmhainní na scoile agus ar riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ar an gcaoi chéanna, is faoi na scoileanna atá sé uainiú cinnteoireachta na ndaltaí maidir le hábhair a chinneadh.

San fhadtárma, beidh tionchar ag feidhmiú an Chreata don tSraith Shóisearach ar na hábhair agus ar na gearrchúrsaí a chuireann scoil ar fáil. Tá tuilleadh eolais faoi seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Curriculum-and-Syllabus/Junior-Cycle-/A-Framework-for-Junior-Cycle1.html>

Tugtar spreagadh do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar a n-ábhar, agus, go deimhin, ar a roghanna gairme, i gcomhar lena dtuismitheoirí agus lena gcomhairleoirí gairmthreoracha i bhfad sula gcaithfear na cinntí a dhéanamh.

Cuid de ról gairmiúil chomhairleoir gairmthreorach na scoile is ea cabhrú le daltaí teacht ar na cinntí seo. Déantar é seo trí eolas trí bhealaí difriúla, mar shampla i ngrúpaí ranga agus i gcur i láthair do thuismitheoirí agus in obair duine le duine le daltaí aonair.

Imrítear tionchar ar rogha na ndaltaí ar go leor bealaí. Moltar do thuismitheoirí, mar na daoine is mó a bhfuil eolas acu ar phearsantacht, staid mhothúchánach, bealaí smaointeoireachta agus cinnteoireachta na ndaltaí, go dtabharfadh siad roinnt dearcaí aibí do na daltaí agus iad ag roghnú ábhar.



Seo a leanas na ceisteanna ba chóir do dhaltáí a fhreagairt maidir le rogha ábhar:

- Cad iad na hábhair is thaitníonn liom?
- Cad iad na hábhair a bhfuil mé go maith acu?
- Cén cineál gníomhaíochtaí, ar scoil agus lasmuigh den scoil, a thaitníonn liom? Cén fáth?
- Cén cineál gníomhaíochtaí, ar scoil agus lasmuigh den scoil, an bhfuilim go maith acu?
- An bhfuil rudaí a thaitníonn liom, ach nach bhfuil mé go maith acu, agus vice versa? Cén fáth?
- An maith liom ábhar díreach mar gheall go maith liom an múinteoir?
- An mbeidh an múinteoir céanna agam don ábhar sin an bhliain seo chugainn?
- An féidir liom ábhar a roghnú nach bhfuil déanta agam cheana?


Bíonn scoileanna ag súil go ndéanfaidh daltaí na hÉireann staidéar ar an **nGaeilge, an Béarla agus Matamaitic** tríd an iar-bhunscoil.

Sa tSraith Shóisearach, bíonn an chuid is mó de na scoileanna ag súil go ndéanfaidh daltaí staidéar ar **theanga eile agus ar eolaíocht**.

Ligfidh sé sin do dhaltáí ábhair a roghnú sa tSraith Shinsearach (an Idirbhliain, nuair a bheidh sí ar fáil, an cúigiú bliain agus an séú bliain) a ullmhóidh iad le haghaidh iontrála i go leor cúrsaí. Mar shampla, tá gá le teanga nua-aimseartha bhreise chun dul isteach i roinnt cúrsaí Ollscoile.

Tá riachtanais shonracha ann le dul isteach i gcúrsaí eile, cosúil le hard-ghrád sa mhatamaitic nó i nGaeilge, agus tá sé riachtanach ábhar amháin nó dhá ábhar eolaíochta a bheith agat le dul isteach i gcinn eile.





I gcás na Sraithe Sóisearaí, beidh an rogha ábhar agus cúrsaí bunaithe go mór ar na rudaí a thaithníonn le dalta.

Agus ábhair na Sraithe Sinsearaí á roghnú, agus roimh dheireadh na Sraithe Sóisearaí, beidh gá le smaointeoireacht shuntasach agus faisnéis chruinn chun an cheist a fhreagairt;

**‘Cad iad na hábhair a theastaíonn uaim do na cúrsaí nó do na gairmeacha ar mhaith liom a leanúint?’**

Ba chóir a thabhairt ar aird, cé go nglacfaidh an chuid is mó de na daltaí páirt i gcineál éigin breisoideachais nó ardoideachais nó oiliúna tar éis dóibh an scoil a fhágáil, bíonn éagsúlacht mhór idir na riachtanais iontrála.

Beidh iontráil chuig poist agus chuig cúrsaí tar éis dóibh an scoil a fhágáil, ag brath go mór, ach ní go hiomlán, ar na hábhair a ndéantar staidéar orthu agus ar na gráid a bhaintear amach ina gcuid scrúduithe deiridh sa tSraith Shinsearach.

Soláthraíonn Láithreáin Ghréasáin mar Qualifax ag <http://www.qualifax.ie/> Careers Portal ag <https://careersportal.ie/> agus NCCA ag <https://www.curriculumonline.ie/> go leor de na freagraí ar cheisteanna agus tá saibhreas eolais úsáideach eile iontu agus naisc chuig láithreáin eile spéise.

Le haghaidh tuilleadh soiléirithe agus eolais, tá comhairleoir gairmthreorach na scoile ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí.

Priontáil



Admhaíonn NCGE an méid a chuir Colum Layton le forbairt na bileoige acmhainní seo.